**SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# GAEILGE

## ARDTEISTIMÉIREACHT, GNÁTHLEIBHÉAL

## SCÉIM MHARCÁLA

## GINEARÁLTA

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbhotúin ach go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an Iarrthóra.

## PÁIPÉAR I (220 marc)

| CEIST 1 | - CEAPADÓIREACHT - | 120 MARC |
|---|---|---|

'Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.'

I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leathleathanach nó breis: | Tasc | = 3 mharc | } |
| | | | } |
| | Ábhar | = 9 marc | } = 60 marc x 2 |
| | | | } = 120 marc |
| | | | } |
| | Cumas Gaeilge | = 48 marc | } |

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%) móide
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (= 50%)
agus litriú (= 10%).]

[Gearrfar pionós ar iarrthóirí de bharr nach bhfuil na hiarrachtaí ceapadóireachta ad rem.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 12 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 48 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

[**Nóta:** Maidir le `Gaeilge Lochtach' a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo = Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas: (i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.
(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

| **CEIST 2 (A + B)** | **- LÉAMHTHUISCINT -** | **100 marc** |
|---|---|---|

'Freagair **A** agus **B** anseo.'

**A (50 marc)**

**(i)** Áit chónaithe Sheán Boylan = 10marc
**(ii)** Dhá rud a theastaigh uaidh a dhéanamh mar bhainisteoir(5 mharc X2) = 10marc.
**(iii)** Rud a thaispeáin go raibh Boylan agus an Mhí ag dul sa treo ceart = 10 marc.
**(iv)** Dhá fháth nár bhuaigh an Mhí mórán idir 1993/95 (5 mharc X 2) = 10 marc.
**(v)** An uair ar éirigh sé as. An mó bliain mar bhainisteoir (5 mharc x 2 ) = 10 marc.

[Gaeilge Iochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Seán Boylan: Laoch na Peile agus Saoi na Sláinte**

**C1.** i nDún Bóinne **nó** i gContae na Mí
"Bhiodh …… i nDún Bóinne" **=** 10 marc
*An Dara hAbairt* " Bhíodh….. thinneas" =10 marc
*An Chéad Abairt* amháin = 0 marc
*An Chéad Abairt* agus *An Dara hAbairt* = 5 mharc
An tAlt **nó** Ina theach = 0 marc

**C2.** (a) ag iarraidh sláinte a chur ar ais i gcúrsaí peile na Mí = 5 mharc
(b) ag iarraidh feabhas a chur ar fhoireann an chontae = 5 mharc
(a) +(b) 5+5 = 10 marc
An Chéad Abairt "I 1982 …..ag an am" 5+5 =10marc
An Chéad Abairt + An Dara hAbairt le chéile
= 5 + (5-2 iomarcach) ie = 8 marc
An tAlt =5 mharc

**C3.** 1983 = D'éirigh leis an bhfoireann dul suas go Roinn a Do =10 marc
**Nó** 1984= Bhuaigh an fhoireann Corn an Chéid =10 marc
**Nó** 1984 = Bhuaigh siad corn speisialta **=**10marc

**Nó** “D’éirigh ….. 1983” = 10 marc
**Nó** “ D’éirigh ….. chomoradh “ ie abairt iomlán = 10 marc
An Abairt Thuas + An Abairt ina dhiaidh sin =10 marc
, ie gan pionós ar iomarcaíocht.
An t-alt iomlán =0 marc
An Dá Abairt Thuas + an abairt roimhe sin (iomarcach) = 5 mharc

**C4.** (a) cuid de na himreoirí ag éirí sean = 5 mharc
(b) cuid de na himreoirí ag éirí as an bpeil = 5 mharc
(c) cuid de na himreoirí gortaithe go minic = 5 mharc
Dhá cheann de (a) (b) (c) =5+5 Mharc =10 marc
**Nó** “Faoin mbliain 1993 ….. bpeil” =5+5 mharc =10 marc
**Nó AN ABAIRT** “Faoin mbliain 1993 ….. go minic”=5+5 mharc =10 marc
**An Chéad,** agus **An Dara hAbairt** san alt
= (5-2) iomarcach +5 = 8 marc
**Aa Chéad , Dara agus Tríú hAbairt**
**=(5-2) iomarcach + (5-2) iomarcach** = 6 mharc
AN tALT =3 mharc
(mar go bhfuil ) An chéad phointe = iomarcach(5-2)
An dara pointe = ró – iomarcach (5-5)

**C5.** (a) 2005 = 5 mharc**;** (b) 23 bliana =5mharc =10 mharc
**Nó** in 2005 ….. ghaisciuil” **5+5** =10 mharc
**Nó** An Abairt “Níor éirigh leis …..ghaisciuil” **5+5** = 10mharc
An Abairt Thuas +an ceann roimhe =5(-2iomarcach) +5 =8 marc
An Abairt Thuas + an ceann ina dhiaidh sin =5+5(-2 iomarcach**)** **=**8marc
Na Trí Abairt Le Chéile **3+3** =6 mharc
**AN tALT AR FAD** = 0 marc

**B (50 marc)**

**(i)** An churiarracht neamhghnách = 10 marc.
**(ii)** Beirt a chabhraigh léi leis an nGaeilge agus leis an sport = 10 marc
**(iii)** Cad a bhain sí amach le club Dhomhnach Mór = 10 marc
**(iv)** An cúrsa atá ar siúl aici i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath = 10 marc
**(v)** Dhá rud a thaitníonn léi nuair a bhíonn am saor aici = 10 marc

[Gaeilge Iochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

[Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht]

**Nóta**: Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

## RÍONA: AN RÉALTA DHÚBAILTE Ó CHORCAIGH

**C1** dhá bhonn uile Eireann buaite aici = 5mharc}
taobh istigh den mhí chéanna = 5mharc} = 10 marc
**Nó** An Abairt "Bhí dhá bhonn… na mban" = 10 marc
**Nó** An Chéad +An Dara hAbairt san alt = 10 marc
(Níl An Chéad Abairt iomarcach)
An tALT ar fad = 5 mharc

**C2(a)** a tuismitheoirí; a hAthair; a máthair; a seanmháthair; = 5 mharc
Tadhg Nó Eibhlin Nó Rena = 5 mharc
An Chéad Abairt (Leis Féin) = 0 marc
An Chéad agus An Dara hAbairt ("Ce go bhfuil …go rialta") = 5 mharc

**(b)** Diarmaid; Nó a dearthair Nó club áitiúil = 5 mharc

**Nó** An Abairt "Ba é Diarmaid …sa ghairdín" =5 mharc
An Abairt Dheireanach (Leis Féin) =0 marc
AN ABAIRT "Chuir Ríona ….a rá"
AN ABAIRT "Chuir Ríona… a rá"AGUS An Abairt ina dhiaidh sin =5 mharc
An tALT go dtí "d'fhéadfa a rá" = 5 mharc
An tAlt –go dtí "sa ghairdín"= 10 marc; An tAlt = 10 marc
NB An bheirt droim ar ais m. sh. Diarmaid agus a mathair = 10 marc

**C3** Bhuaigh si dhá bhonn uile Éireann = 10marc
**Nó** AN ABAIRT "D'éirigh léi….. gclub sin =10marc
AN ABAIRT THUAS +AN ABAIRT roimhe "D'eirigh le Dan …ar fáil di"= 5m
AN ABAIRT "D'éirigh léi…..gclub sin" agus AN ABAIRT ina dhiaidh sin=10m
AN tALT seachas AN CHÉAD ABAIRT = 5 mharc
AN ABAIRT DHEIREANACH "Bhí sí gafa….craobh Chorcaí" =10 marc
AN tAlt (ró- iomarcach) = 0 marc

**C4** fisiteiripe **Nó** "is scoláire fisiteiripe í" = 10 marc
**Nó** An Abairt "Is cosúil….i m B.A.C." = 10 marc
**No** "Is cosúil …go Deireadh An Ailt = 10 marc
An Chéad +An Dara hAbairt san alt = 5 mharc;
AN tAlt = 5 mharc

**C5** (a) dul amach lena cairde= 5 (b) ceol John Spillane=5 (c) Gaeilge=5
Aon dá cheann de (a) (b) (c) thuas = 10 marc
An Chéad Abairt san alt = 5 mharc
An Chéad+An Dara hAbairt =5+5mharc = 10 marc
An tAlt go dtí "faoi láthair" = 10 marc
An tAlt go dtí "go rialta" = 10marc
An tAlt go dtí "Ó Cinnéide" =10 marc
An tAlt ar fad (iomarcach) = 8 marc
Dhá Phointe : 5+5 mharc = 10 marc

**Páipéar II (110 marc)**

**Ta rogha ag iarrthóirí cúrsa ainmnithe nó cúrsa roghnach a dhéanamh**

**ROINN A - CÚRSA AINMNITHE -**

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

**CEIST 1 - PRÓS AINMNITHE- (55 mharc)**

'**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**'

**(a)**

(i) Cuntas ar ar tharla an mhaidin sin. **(Clare sa Spéir**) = 25 mharc }
}
(ii) Cén sórt duine í Clare? }
Cur síos gairid uirthi. = 6 mharc } }
Fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sí leat.? } = 10 marc }
Dhá fháth. = 2 mharc x 2 = 4 mharc} }
}
} = 35 mharc

**<u>Nó</u>**

(i) Cur síos ar an ngaol idir an bheirt.
(**Lá Buí Bealtaine)** = 25 mharc }
}

(ii) An duine den bheirt is fearr leat ? = 2 mharc} }
Cur síos gairid air/uirthi = 4 mharc}10 marc }
Thaitin.Dhá fháth. 2 mharc x 2 = 4 mharc } }
}= 35 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nó**

(i) Na trí achainí a d'iarr an Cearrbhach. =12 mharc}
An úsáid a bhain sé astu.5+4+4 =13mharc } = 25 mharc

(ii) Cén sort duine é an Bás?
Cur síos gairid air. 3+3 = 6 mharc}
Fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat? }
Dhá fháth 2+2 = 4 mharc}=10 marc}
= 35 mharc

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair a luadh } 20 marc
faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. }

**nó**

Cuntas gairid ar dhá rud i gceann amháin de na saothair a luadh, }
Rud amháin a bhí suimiúil( go maith) agus rud amháin nach raibh }
2 mharc + (9 marc x 2) } 20 marc

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 1= 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

**CEIST 2 - FILÍOCHT AINMNITHE - (55 mharc)**

'**Freagair (a) agus (b) anseo.**'

**(a)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Téama an dáin. (**Jack)** | | = 9 marc } | |
| (ii) | An cur síos a thugtar ar Jack | | = 8 marc } | |
| (iii) | An guí atá ag an bhfile do Jack | | = 8 marc } | = 35 mharc |
| (iv) | An maith leat an dán? | = 2 mharc} | } | |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 | = 8 marc } | = 10 marc} | |

**Nó**

(i) Téama don dán dar leat (**Faoiseamh a Gheobhadsa**) = 10marc}

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (ii) | Dhá mhothúchán atá sa dan ( 2 X 4) | = 8 marc } | | |
| (iii) | An úsáid a bhaintear as codarsnacht a phlé | = 7 marc } | =35 mharc | |
| (iv) | An maith leat an dán? = 2 mharc} | | | |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc } | =10 marc} | | |

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil sa dán, **Bímse buan ar buairt gach ló**, faoin mothúchán
atá roghnaithe agat as na mothúcháin atá luaite. = 20marc

**nó**

Cuntas gairid ar phríomhsmaointe an dáin, **Bímse buan ar buairt gach ló** =14 mharc}
Rud a thaitin leat **agus** rud nár thaitin leat = 6 mharc}
Iomlán = 20 marc}

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 2 = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## ROINN B - CÚRSA ROGHNACH -

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS ROGHNACH- (55 mharc)

‘**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**’

**(a)**

(i) Cuntas ar an téama. (**Gearrscannán**) = 23 mharc }
Teideal an scannáin / ainm an stiúrthóra. = 2 mharc } = 25 mharc}
}
(ii) Pearsa a raibh bá agat leis/léi . = 2 mharc }
Cur síos gairid air/uirthi. = 4 mhar }
Fáth ar thaitin/nár thaitin (Dhá fháth) 2 x 2 =4 mharc } = 10 marc }

= 35 mharc

**<u>Nó</u>**

(i) Cuntas ar an bpríomhphearsa sa **dráma** = 23 mharc }
Teideal an dráma / ainm an údair. = 2 mharc }= 25 mharc }
} }
(ii) Rud a chuir áthas/brón/fearg ort = 3 mharc
} }
Cén fáth an mothú sin ionat? = 7 marc } }
Iomlán = }= 10 marc }

= 35 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nó**

(i) Cuntas ar an bpríomhphearsa (**Úrscéal**) =23 mharc}
Teideal an úrscéil /ainm an údair. = 2 mharc } = 25 mharc }
}
(ii) Ar thaitin an sliocht leat? = 2 mharc } }
Dhá fháth ( 2 X 4 mharc) = 8 marc } = 10 marc }
= 35 mharc

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a) faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. = 18 marc }
}
Teideal an tsaothair /ainm an údair. = 2 mharc }
= 20 marc }

**nó**

Cuntas gairid ar dhá rud i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a). Rud amháin a bhí suimiúil( go maith) agus rud amháin nch raibh.

= 9 marc x 2 = 18 marc }
Teideal an tsaothair /ainm an údair = 2 mharc}
= 20 marc }

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 1 = 55 mharc

**<u>Nóta</u>**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) <u>agus</u> an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| **CEIST 2** | **- FILÍOCHT ROGHNACH-** | **(55 mharc)** |
|---|---|---|

'**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**'

**(a)**

(i) Téama **i d'fhocail féin**. (Dán **nua** a chum **bean**) = 8 marc }
}
(ii) Cur síos **i d'fhocail féin** ar dhá mheafar = 4 mharc x 2= 8 marc }
}
(iii) An teideal oiriúnach? Fáth amháin. = 7 marc } = 35 mharc
}
(iv) Ar thaitin an dán leat? = 2 mharc} }

Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc } = 10 marc}

}
Teideal an dáin/file a chum. = 2 mharc}

**<u>Nó</u>**

(i) Mothúchán is mó. (Seandán le **fear** nó **bean** = 2 mharc}
Dhá fháth. 3 mharc x 2 = 6 mharc} = 8 marc}
}
}
}
(ii) Cur síos (i do fhocail féin) ar dhá íomhá. = 4 mharc x 2 = 8 marc}

}
(iii) Nóta gearr faoi rud amháin a bhí suimiúil = 7 marc }
}
(iv) An maith leat an dán? = 2 mharc}
}
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc} = 10 marc}
}
Teideal an dáin/ainm an fhile. = 2 mharc}

=35mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i ndán a chum **fear** agus nár úsaid tú }
i gcuid (a) faoi mhothúchán amháin atá roghnaithe agat as na }
mothúcháin atá luaite. = 18 marc }

Teideal an dáin/ainm an fhile = 2 mharc }
} = 20 marc

<u>**nó**</u>

Cuntas gairid ar phríomhsmaointe an dáin a chum **fear** agus }
nár úsaid tú i gcuid (a). = 9 marc }
Cuntas gairid ar íomhá amháin nó ar mheafar amháin a thaitin
leat nó nár thaitin leat = 9 marc }
Teideal an dáin/ainm an fhile = 2 mharc }
} = 20 marc

[<u>Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh</u>.]

Ceist 2 = 55 mharc

<u>**Nóta**</u>: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) <u>agus</u> an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## CLUASTUISCINT (120 marc)

<u>Cuid A :</u>

Fógra a hAon 3 + 4 + 4 + 3

Fógra a Dó 4 + 3 + 4 + 3

Fógra a Trí 2 + 3 + 4 + 5

Cuid B :

Comhrá a hAon 4 + 2 + 4 + 5

Comhrá a Dó 4+ 4 + 4 + 4 + 4 + 4

Comhrá a Trí 2 + 3 + 3 + 4

Cuid C :

Píosa a hAon 4 + 2 + 4 + 5

Píosa a Dó 3 + 3

Píosa a Trí 3 + 3

[Gaeilge Iochtach: 0 - 12 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

# CUID A

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An lá a bheidh an Fhéile ar siúl | **An Domhnach** |
| An t-am a thosóidh sé | **8 a'chlog 8.00** |
| Rud amháin a bheidh á léiriú le linn na Féile | **Drámaí (Nuascríofa); Agallaimh Bheirte** |
| Ainm na mná a bhfuil eolas le fáil uaithi | **Aoife** |

## FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén data a mbeidh na cláir ag tosú?

**8 Bealtaine. 08/05**

**(b)** Cén teideal (t-ainm) atá ar an tseirbhís seo?

**Anocht fm**

**2.** **(a)** Cén t-am a thosóidh an clár gach oíche?
**9 a' chlog**

**(b)** Conas a chuirfeá do mholadh chuig RTÉ/Raidió na Gaeltachta?

**(Ar) ríomhphost**

**FÓGRA A TRÍ**

| | |
|---|---|
| Cén eagraíocht (grúpa) a chuir amach an fógra? | **Glór na nGael** |
| Luaigh post amháin atá le líonadh | **Oifigeach Eolais/ Forbartha** |
| Luaigh rud amháin a bheidh le déanamh ag na daoine seo | **Taisteal ar fud na tire; cúrsai a rith; eolas a thabhairt don phobal; bainistiú ar shuíomh idirlín** |
| Cén uimhir theileafóin atá ag an bpríomhoifig? | **01-4982265** |

# CUID B

## COMHRÁ A hAON

### An Chéad Mhír

**1.** Cén nuachtán a raibh an t-alt faoi Adi Roche i gcló ann?

**Foinse**

**2.** Cén t-ainm atá ar an scannán a rinneadh faoi obair Adi Roche?

**Croí Chernobyl**

***An Dara Mír***

**1.** Cé mhéad duine atá ag obair do pháistí Chernobyl in Éirinn?

**7,000; seacht míle**

**2.** Cá mbíonn Geldof agus Bono le feiceáil gach lá?

**Ar an  teilifís; ar na meáin; san Aifric; sa Teach Bán; i Sráid Downing**

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

.

| | |
|---|---|
| Cén saghas fón póca a luann Breandán? | **3G; trí G** |
| Cén rud faoi na fóin a chuireann alltacht ar Róisín? | **An Praghas** |
| Cá bhfaighidh Breandán an t-airgead le fón nua a cheannach? | **Obair an tsamhraidh** |
| Cén fáth nach mbeidh pingin ina phóca ag Breandán, dar le Róisín? | **Costais an-ard leo** |

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh an t-aon bhuntáiste atá ag na fóin seo, dar le Róisín.

**Idirlíon**

**2.** Luaigh rud **amháin** is féidir a íoslódáil leis na fóin nua, dar le Breandán.

**Cluichí; físteipeanna**

## COMHRÁ A TRÍ

**An Chéad Mhír**

***1.*** *Cén t-ainm atá ar an gclár is fearr le Brian?*

***Ros na Rún***

***2.*** *Cad atá ar an scaileán le cuidiú le daoine an chaint a leanúint?*

***Fotheidil***

**An Dara Mír**

**1.** Cad a deir Brian faoin na scéalta sa chlár seo?

**An-drámatúil ar fad**

**2.** Luaigh rud amháin a dhéanann Máire nuair a chríochnaíonn sí an obair bhaile.

**Féachaint ar scannán ar Sky Movies; éisteacht le clár ceoil ar Lyric fm**

# CUID C

## PÍOSA A hAON

| | |
|---|---|
| Cá ndéantar an cartún seo? | **I nGaeltacht Chonamara** |
| Cén t-ainm atá ar an gcartún? | **Inis Cúil** |
| Cé mhéad lucht féachana atá ag an gcartún seo san Ísiltír? | **150,000 Céad caoga míle** |
| Cén stáisiún in Éirinn a chraolann an cartún? | **TG4** |

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén áit ar bronnadh an gradam ar an Athair Micheál?

**Óstán an Bhulington, Baile Átha Cliath**

**2.** Cad a bhunaigh an tAthair Micheál do na seandaoine? **Ionad lae**

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cá raibh an bheirt seo ag obair san India?

**I gCalcutta san India**

**2.** Cén post a bhíonn ag Dónall anseo in Éirinn?

**Múinteoir adhmadóireachta**

## Triail Chluastuisceana

## TÉIPSCRIPT:
## CUID A

Léigh anois……..

Fógra a hAon (M)

Fógraíonn Coiste na Féile Drámaíochta go mbeidh tús á chur leis an bhféile drámaíochta ar an Domhnach, an fichiú Márta, ar a hocht a chlog i halla an pharóiste, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí. Is é an Monsignor Ó Fiannachta, Sagart Paróiste an Daingin, a osclóidh an Fhéile. Beidh drámaí nua-scríofa agus agallaimh bheirte ar siúl le linn na Féile. Tá gach eolas faoi chlár na Féile le fáil ó Aoife ag 091-62232.

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

Fógra a Dó (C)

Seo fógra ó RTÉ/Raidió na Gaeltachta. Dé Luain seo chugainn, an t-ochtú lá de Bhealtaine, beidh tús á chur le sraith nua de chláir cheoil do dhaoine óga. Anocht fm is teideal don chlár nua raidió seo. Beidh sé ar an aer óna 9 a chlog san oíche go dtí a haon a chlog ar maidin, seacht n-oíche na seachtaine. Casfar amhráin le liricí Béarla den chéad uair ar na cláir seo. Tá RTÉ/Raidió na Gaeltachta ag lorg moltaí don chéad amhrán a chasfar ar an tseirbhís nua seo. Cuir do mholadh féin ar ríomhphost chuig *anochtfm.@rte.ie*

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

Fógra a Trí (U)

Seo fógra ó Ghlór na nGael. Tá dhá fholúntas le líonadh, post mar Oifigeach Eolais agus post eile mar Oifigeach Forbartha. Beidh ar na daoine a cheapfar taisteal ar fud na tíre, cúrsaí a rith, eolas a thabhairt don phobal, agus bainistiú a dhéanamh ar shuíomh idirlín. Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu agus a bheith sciliúil ar chumarsáid idirlín. Tá gach eolas faoin bpost le fáil ag *www.glornangael.ie* nó ó phríomhoifig Ghlór na nGael ag 01-4982265.

## CUID B

Léigh anois…………….

COMHRÁ a hAON (M)

Peadar: A Shíle, ar léigh tú an t-alt ar an nuachtán Foinse faoi Adi Roche, an bhean a bhunaigh an eagraíocht Tionscadal Pháistí Chernobyl?

Síle: Léigh mé é, gan dabht, a Pheadair. Ba oscailt súl dom é. Ní dóigh liom go bhfaigheann Adi a ceart, ar chor ar bith, ó na meáin chumarsáide sa tír seo!

P: Cibé faoi sin, ní bhfuair sí a ceart oíche na nOscars in Hollywood! An scannán iontach sin faoina cuid oibre, an scannán darbh ainm "Croí Chernobyl", ní bhfuair sé duais ar bith.

S: Ní bhfuair, mhuise, cé go raibh sé ar fheabhas ar fad dar le cuid mhór léirmheastóirí scannán.

****

P: Nach deacair a chreidiúint, a Shíle, go bhfuil seacht míle duine in Éirinn ag obair go deonach do pháistí Chernobyl? Agus a bhuíochas sin ar fad ag dul do Adi Roche.

S: Bhuel, sin agat toradh a cuid oibre le seacht mbliana agus fiche anuas.

P: An ceart agat! N'fheadar cá mbeidh Bob Geldof agus Bono i gceann seacht mbliana is fiche.

S: Féach anois, a Pheadair, ná bí róchrua ar an mbeirt sin. Tá sárobair ar siúl acu ar son mhuintir na hAfraice. Nach gcuireann siad náire gan stad ar cheannairí na dtíortha saibhre faoi chás na ndaoine bochta san Afraic.

P: B'fhéidir é. Ach ní thaitníonn siad liomsa. Tá an bheirt sin ró-thógtha leis na meáin, is dóigh liom. Bíonn siad ar an teilifís gach uile lá. Lá sa Teach Bán, lá eile i Sráid Downing! Is breá leo an phoiblíocht.

S: Ní aontaím leat in aon chor, a bhuachaill. Baineann Geldof agus Bono úsáid as na meáin le drochstaid na hAfraice a choimeád os comhair an tsaoil. Agus tá ag éirí leo.

---

**<u>COMHRÁ a DÓ (C)</u>**

<u>Breandán:</u> Nach iontach na gléasanna iad na fóin phóca nua 3G seo, a Róisín?

Róisín: Is fíor duit, a Bhreandáin, ach cuireann an praghas atá orthu alltacht orm! Cé a bheadh ábalta ceann díobh sin a cheannach?

B: Bhuel, táim féin ag smaoineamh ar airgead a chur le chéile as obair an tsamhraidh le ceann acu a fháil.

R: Beidh aiféala ort, a bhuachaill, táim á rá leat. Ní bheidh cent fágtha i do phóca agat nuair a thosóidh tú á úsáid, tá costas an-ard ag baint leis na fóin sin.

****

B: Tá tú ag déanamh áibhéile anois, a chailín, mar a bhíonn i gcónaí!

R: Nílim, a Bhreandáin. An t-aon bhuntáiste atá ag na fóin 3G seo, ná an tseirbhís idirlín, agus íocfaidh tú go daor as sin, mise á rá leat!

B: B'fhéidir é, ach nach buntáiste iontach é a bheith in ann cluichí agus físteipeanna a íoslódáil agus teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoladh?

R: B'fhéidir é. Ach ní beidh mórán de do chuid creidmheasa fágtha agat má dhéanann tú sin.

B: An bhfuil fhios agat, a Róisín, go bfhuil locht beag bídeach amháin ortsa?

R: Cén locht é sin, a Bhreandáin?

B: Tá tú ró-chiallmhar ar fad, a chailín!

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

## COMHRÁ A TRÍ (U)

Máire: An mbíonn tusa ag féachaint ar na sobaldrámaí Sasanacha, a Bhriain?

Brian: Bím ag féachaint orthu minic go leor, a Mháire. Ach, le fírinne, is fearr liom "Ros na Rún" ar TG4 ná ceann ar bith acu.

M: D'fhéach mé féin air sin uair no dhó ach níl mo chuid Gaeilge maith go leor, a Bhriain; níor thuig mé é agus stad mé de bheith ag féachaint air.

B: Is trua sin, a Mháire. Cén fáth nach léann tú na fotheidil a bhíonn ar an scáileán le cuidiú leat an chaint a leanúint. Sin an rud a dhéanann a lan daoine.

****

M: Bhain mé triail as sin uair nó dhó, a Bhriain, ach ní raibh mé in ann léamh tapaidh go leor agus chaill mé a lán den chomhrá!

B: Á, caithfidh tú triail eile a bhaint as, a Mháire, mar is daoine an-suimiúil iad na carachtair i "Ros na Rún" agus bíonn na scéalta ann an-drámatúil ar fad!

M: Nach breá duitse, a Bhriain, go mbíonn an t-am agat féachaint ar an teilifís chomh luath sin sa tráthnóna! Bím féin báite san obair bhaile ag an am sin!

B: Bhuel, glacaim féin sos, a Mháire, le féachaint orthu, go háirithe má bhíonn casadh suimiúil i scéal ar bith iontu, agus ní chríochnaím mo chuid staidéir ansin go dtí leathuair tar éis a deich gach oíche.

M: Ó, ní bheinn ábalta sin a dhéanamh, a Bhriain! Is maith liomsa an obair a chur díom ar dtús agus ansin suí siar agus féachaint ar scannán maith ar Sky Movies nó éisteacht le clár ceoil ar Lyric FM.

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

**<u>CUID C</u>**

Léigh anois……………………..

<u>Píosa a hAon (C)</u>

Dar le scéal spéisiúil sa nuachtán Foinse, le déanaí, tá ag éirí go hiontach ar an teilifís san Ísiltír le cartún grinn a dhéantar i nGaeltacht Chonamara. "Inis Cúil"an t-ainm atá ar an gcartún seo agus tá céad caoga míle de lucht féachana aige sa tír sin. Baineann scéal an chartúin le teaghlach atá ina gcónaí in Iarthar na hÉireann. Tá "Inis Cúil" á chraoladh anois ar TG4 agus tá lucht féachana an-ard aige agus an uimhir sin ag fás i gcónaí.

<u>Píosa a Dó (U)</u>

Bronnadh gradam mór ar an Athair Micheál Mac Suibhne, Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair, le déanaí. Ba é an tAthair Micheál a ainmníodh mar phearsa Thír Chonaill na bliana. Faigheann duine difriúil as Tír Chonaill an duais seo gach bliain. Bronnadh an gradam go hoifigiúil air ag dinnéar mór in óstán an Bhurlington i mBaile Átha Cliath ar an gcuigiú lá de Mhárta. Tá meas iontach ag daoine ar an Athair Micheál. Tá obair mhór déanta aige ar son an phobail. Ba é, mar shampla, a bhunaigh ionad lae na seandaoine i nDoirí Beaga.

<u>Píosa a Trí (M)</u>

Cuireadh fáilte mhór abhaile roimh bheirt as Baile Bhúirne, Co. Chorcaí a chaith seal ag obair ar son na mbochtán i gcathair Chalcutta san India. Is iad Dónall Ó hÉalaithe agus an tAthair Fionnbarra Ó Buachalla an bheirt seo. Tá dhá bhliain déag caite ag an Athair Fionnbarra ag obair mar stiúrthóir ar an eagraíocht, Cairde Chalcutta. Múinteoir adhmadóireachta é Dónall anseo in Éirinn atá tar éis seacht mí a chaitheamh ag deisiú scoileanna ar na cúlsráideanna in Calcutta.

*Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:*

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir cúnta trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir cúnta a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici

- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú ná gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh

- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.